AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.10.2024
COM(2024) 474 final

ANNEX 4

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta

Iarscríbhinn IV: Coincheap an chistithe dhúbailte faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta

Le comhlántacht idir cistí an Aontais, déantar breisluach bhuiséad an Aontais a uasmhéadú, rud a fhágann gur féidir sineirgí breise a bhaint amach i gcomparáid le cur chuige aonair i leith gach cláir nó ionstraime de chuid an Aontais. Tá ceanglais tugtha isteach ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle i gcuid mhór clár agus ionstraimí de chuid an Aontais chun a áirithiú go gcomhlánaíonn siad a chéile, lena n-áirítear trí chead a thabhairt do thionscadail aonair tacaíocht a fháil ó níos mó ná clár nó ionstraim amháin de chuid an Aontais. Is féidir teacht ar fhorálacha chuige sin i roinnt gníomhartha bunúsacha amhail Rialachán na bhForálacha Coiteanna[1], an Rialachán lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach[2], an Rialachán lena mbunaítear Fís Eorpach[3], nó an Rialachán lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa[4].

Déantar foráil faoi Rialachán STA a chomhcheangal le tacaíocht airgeadais ó chistí eile de chuid an Aontais. Chun cur chun feidhme éifeachtúil agus comhlántach chistí an Aontais a áirithiú, beartaítear go sonrach le hAirteagal 9 de Rialachán STA '*go bhféadfaidh athchóirithe agus tionscadail infheistíochta tacaíocht a fháil ó chláir agus ionstraimí eile de chuid an Aontais ar choinníoll nach gcumhdaíonn an tacaíocht sin an costas céanna*.'

Cé gur ionstraim fheidhmíochtbhunaithe é STA, tugtar isteach le hAirteagal 9 de Rialachán STA cur chuige costasbhunaithe chun measúnú a dhéanamh ar chistiú dúbailte. Is ionstraim fheidhmíochtbhunaithe é STA faoina nasctar maoiniú leis na torthaí a bhaintear amach, seachas leis na costais a thabhaítear. Déantar eisíocaíochtaí bunaithe ar shraith cloch míle agus spriocanna a bheith comhlíonta go sásúil. Dá bhrí sin, níl íocaíochtaí leis na Ballstáit faoi réir rialuithe ar leibhéal an Aontais ar na costais arna dtabhú chun na clocha míle agus na spriocanna sin a chomhlíonadh. Déantar measúnú ex ante ar chostais mheasta na mbeart uile faoi gach plean téarnaimh agus athléimneachta chun críche an ranníocaíocht airgeadais atá le gealladh do gach Ballstát a shocrú, agus chun na críche sin amháin. Sa mheastachán sin, cuireann an Ballstát in iúl cé na costais a mheasann sé a chumhdófar le STA agus cé na costais a chumhdófar le cláir nó le hionstraimí eile de chuid an Aontais. Níl coincheap na gcostas incháilithe tabhaithe, a chuirtear i bhfeidhm faoi fhormhór na gclár faoin gcuid is

[1] Airteagal 63(9) de Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí.

[2] Airteagal 23(1) de Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach.

[3] Airteagal 15(4) de Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach.

[4] Airteagal 19(1) de Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa.

mó de chláir chistiúcháin chostasbhunaithe an Aontais, infheidhme faoi STA. Mar sin féin, sa Rialachán Airgeadais[5] agus i Rialachán STA araon, tá coincheap an chistithe dhúbailte nasctha le costais. Tá treoraíocht curtha ar fáil ag an gCoimisiún[6], ina mínítear conas coincheap costasbhunaithe an chistithe dhúbailte a chur i bhfeidhm maidir le loighic chur chun feidhme feidhmíochtbhunaithe STA.

Faoi STA, is féidir cistiú dúbailte a dhéanamh ar dhá leibhéal:

- Ar leibhéal an Bhallstáit: Ceanglaítear ar na Ballstáit '*faisnéis maidir le maoiniú reatha nó beartaithe an Aontais*' a shainaithint ina bpleananna téarnaimh agus athléimneachta (Airteagal 18, mír 4, pointe (l) de Rialachán STA) atá le cur san áireamh sa mheastachán ex ante ar chostais. Tar éis an phlean téarnaimh agus athléimneachta a fhormheas agus an cinneadh cur chun feidhme ábhartha ón gComhairle a ghlacadh, bheadh mar thoradh ar aon tacaíocht bhreise ó chistí eile de chuid an Aontais chun costais a chumhdach a bhí mar chuid den mheastachán costais a rinneadh don phlean téarnaimh agus athléimneachta, go bhfaigheadh an Ballstát tacaíocht ó dhá fhoinse chistiúcháin éagsúla de chuid an Aontais chun na costais chéanna a chumhdach.
- Ar leibhéal an fhaighteora deiridh: níor cheart go bhfaigheadh faighteoir deiridh tacaíocht chun na costais chéanna a chumhdach ó STA – tríd an mBallstát – ná ó chistí eile de chuid an Aontais.

Mar gheall ar chineál feidhmíochtbhunaithe STA, agus tacaíocht STA á comhcheangal le tacaíocht ó chistí eile de chuid an Aontais, is é an cur chuige réamhshocraithe é sainaithint shoiléir costas ex-ante chun cistiú dúbailte a sheachaint. I gcás bearta nach ndéantar ach páirtchistiú orthu ó STA, ba cheart do na Ballstáit idirdhealú soiléir a dhéanamh idir codanna de thionscadail a chistítear ó STA agus na codanna sin a chistítear ó chistí eile de chuid an Aontais. I gcás STA, ní mór do na Ballstáit an t-idirdhealú sin a chur in iúl nuair a chuireann siad a meastacháin chostais *ex ante* isteach. Is féidir idirdhealú costais *ex-ante* a bhunú, mar shampla, trí chéimeanna cur chun feidhme ar leith de thionscadal comhchistithe a shainaithint, nó trí mhíreanna costais éagsúla a dheighilt agus iad a shannadh do na hionstraimí cistiúcháin ábhartha de chuid an Aontais.

Mar sin féin, ceadaítear idirdhealú costas ar bhonn pro rata faoi choinníollacha áirithe. In imthosca eisceachtúla, i gcás nach bhfuil idirdhealú costais soiléir indéanta nó ina

[5] Airteagal 191 de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012.

[6] Áirítear leis sin treoraíocht ó sheirbhísí an Choimisiúin do na Ballstáit maidir lena bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta, SWD (2021) 12 (https://commission.europa.eu/publications/guidance-member-states-recovery-and-resilience-plans-part-1_en), C/2024/4618 Commission Notice – Guidance on recovery and resilience plans [Fógra ón gCoimisiún – Treoraíocht maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta] (http://data.europa.eu/eli/C/2024/4618/oj).

bhfuil ualach róthrom ag baint leis[7], is féidir tacú le bearta ar bhonn pro rata. Faoin gcur chuige sin, maoiníonn gach ciste de chuid an Aontais sciar réamhshainithe de na costais iomlána. Le coinníollacha sonracha a leagtar síos i dtreoraíocht an Choimisiúin do na Ballstáit, áirithítear go ndéanfar an t-aschur/toradh arna thomhas faoi STA, agus arna chistiú uaidh, ailínithe leis an gcostas measta ex ante, ionas nach gcumhdófar aon chostas faoi dhó, agus nach sáróidh tacaíocht fhoriomlán an Aontais 100 % de na costais incháilithe a thabhaítear go hiarbhír. Ceanglaítear an méid seo a leanas leis na cúig choinníoll sin:

(i) léirítear go soiléir sa tuairisc ar an mbeart sa chinneadh cur chun feidhme ábhartha ón gComhairle nach bhfuil maoiniú á chur ar fáil ag STA ach do chuid den tionscadal i gcomhar le cláir nó ionstraimí eile de chuid an Aontais;

(ii) leagtar amach sna meastacháin chostais ex ante arna gcur ar fáil ag an mBallstát don tionscadal iomlán an méid a mhaoinítear le STA agus a chuirtear san áireamh le haghaidh chostáil an phlean téarnaimh agus athléimneachta, agus tugtar ar aird an tráth céanna go bhféadfaí tacú le costais eile le cláir nó le hionstraimí eile de chuid an Aontais (le méid táscach le haghaidh na gclár nó na n-ionstraimí sin, más féidir);

(iii) déantar na clocha míle/spriocanna ábhartha lena mbaineann a dhréachtú ar bhealach nach ndéanann ach ranníocaíocht STA a thomhas, b'fhéidir trí sprioc forghníomhaithe buiséid;

(iv) tugann an Ballstát fógra don fhaighteoir deiridh faoi mhéid ranníocaíocht STA, nach mór don fhaighteoir deiridh a dhearbhú don eintiteas a chuireann chun feidhme clár nó ionstraim an Aontais lena gcomhlánaítear tacaíocht ó STA;

(v) tá an t-eintiteas a chuireann aon chlár nó ionstraim eile de chuid an Aontais lena gcomhlánaítear tacaíocht ó STA chun feidhme in ann a fhíorú, ar leibhéal an tionscadail, nach bhfaigheann faighteoirí deiridh cistithe faoi STA tacaíocht ón Aontas le haghaidh níos mó ná 100 % den chostas incháilithe iomlán[8].

I dteannta na gcoinníollacha a leagtar amach thuas, ní mór an cur chuige sin a bheith i gcomhréir le forálacha na hionstraime cistiúcháin eile lena mbaineann den Aontas agus ní mór é a bheith i gcomhréir leis na rialacha maidir le Státchabhair, lena n-áirítear forálacha maidir le carnadh. Níl feidhm ag an gcur chuige sin maidir leis na cistí a rialaítear le Rialachán na bhForálacha Coiteanna ós rud é gur deacair coinníoll (v) a chur i bhfeidhm ina gcomhthéacs.

Ós rud é go sainmhínítear cistiú dúbailte mar chistiú lena gcumhdaítear an costas céanna ó STA agus ó chlár nó ionstraim eile de chuid an Aontais, ní féidir aon chistiú dúbailte a dhéanamh i gcás nach bhfuil costas measta curtha ar aghaidh ag Ballstát le haghaidh beart ar leith, ós rud é nach bhfuil aon chostas á chumhdach ag STA. Tá

[7] Féach Cuid II.V sa roinn maidir le 'Comhlántacht an chistithe agus cistiú dúbailte a sheachaint' in C/2024/4990.

[8] I gcásanna nach n-aisíocann an cistiú eile ón Aontas costas (an Ciste don Nuálaíocht) ach go n-oibríonn sé freisin ar bhonn meastachán costais ex-ante, cuirtear comparáid idir an dá mheastachán costais ex-ante ó STA agus ó thaobh chiste eile de chuid an Aontais in ionad na seiceála sin chun a áirithiú nár leithdháileadh níos mó ná 100 % den mheastachán costais ex-ante iomlán.

bearta i gcuid mhór pleananna téarnaimh agus athléimneachta nach bhfuil aon chostas measta curtha ar aghaidh ag an mBallstát ina leith, ar a dtugtar 'bearta saor ó chostas'. Cé nach méadaíonn cuimsiú beart saor ó chostais leithdháileadh airgeadais an Bhallstáit, nascann sé eisíocaíocht thacaíocht STA le baint amach na gcloch míle agus na spriocanna atá nasctha le cur chun feidhme na mbeart sin. Ós rud é nach gcumhdaíonn STA aon chostas ar bhearta den sórt sin, ní féidir cistiú dúbailte a bheith ann, fiú má mhaoiníonn ciste eile de chuid an Aontais a gcur chun feidhme go páirteach nó go hiomlán.

Foráiltear le Rialachán STA gur cheart do na Ballstáit córas rialaithe a chur i bhfeidhm chun cistiú dúbailte a sheachaint, i gcás ina ndéanann an Coimisiún measúnú ar na socruithe a bhfuil tuairisc orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta. Go praiticiúil, ciallaíonn sé sin go gceanglaítear ar na Ballstáit cistiú dúbailte a sheachaint agus STA á cur chun feidhme acu tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Faisnéis agus fianaise leordhóthanach a chur san áireamh ina bplean téarnaimh agus athléimneachta lena léirítear go soiléir nach gcumhdaítear méid chostas measta iomlán gach athchóirithe agus gach infheistíochta le maoiniú ón Aontas atá ann cheana nó atá beartaithe. I gcásanna ina ndéantar cistiú STA a chomhcheangal le cistí eile de chuid an Aontais chun tacú le beart, ní mór é sin a shainaithint go soiléir sna costais mheasta, ina leagtar amach an chuid de na costais mheasta arna maoiniú ag STA agus an chuid arna maoiniú ag cistí eile de chuid an Aontais;
- Mionsonrú a dhéanamh ar na nósanna imeachta, na struchtúir agus na socruithe arna mbunú ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach arb é is aidhm dóibh a áirithiú go seachnófar cistiú dúbailte; agus
- Tagairt a dhéanamh ina bplean téarnaimh agus athléimneachta do na socruithe chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme STA.

Déantar faireachán ar leordhóthanacht na rialuithe atá beartaithe chun cistiú dúbailte a chosc, a bhrath agus a cheartú le linn mheasúnú agus chur chun feidhme phleananna téarnaimh agus athléimneachta. Le linn an mheasúnaithe ar na pleananna, déanann an Coimisiún measúnú ar an easpa cistiúcháin dhúbailte do bhearta uile STA chomh maith leis na socruithe rialaithe a ndéanann na Ballstáit cur síos orthu. I gcás inarb ábhartha, socraítear clocha míle sonracha iniúchóireachta agus rialaithe chun aghaidh a thabhairt ar laigí sna córais náisiúnta agus ní mór iad a chomhlíonadh mar réamhriachtanas chun eisíocaíochtaí ina dhiaidh sin a dhíghlasáil. Déantar measúnú arís ar chóras rialaithe Ballstáit i gcás leasú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta. Má tá easnaimh i socruithe bunaidh an chórais, bunaítear clocha míle iniúchóireachta agus rialaithe sa chinneadh cur chun feidhme ábhartha ón gComhairle, lena n-áirítear maidir le saincheisteanna a bhaineann le cistiú dúbailte. Le linn chur chun feidhme na bpleananna, fíoraíonn an Coimisiún na dearbhuithe bainistíochta agus na hachoimrí ar iniúchtaí arna dtíolacadh ag na Ballstáit mar aon le hiarrataí ar íocaíocht, lena

gcumhdaítear freisin na seiceálacha a dhéanann na húdaráis náisiúnta chun cistiú dúbailte a sheachaint. Comhlánaítear an measúnú sin le hiniúchtaí córais agus ex post arna ndéanamh ag an gCoimisiún, lena n-áirítear maidir le cistiú dúbailte. I ndeireadh na dála, i gcás ina sainaithníonn an Ballstát cistiú dúbailte ach nach gceartaíonn sé é, is féidir leis an gCoimisiún cistí STA a aisghabháil go díreach ón mBallstát. Ós rud é gur príomhghné de straitéisí rialaithe agus iniúchóireachta an Choimisiúin agus na mBallstát é cistiú dúbailte a chosc, tá treoir agus uirlisí ábhartha curtha ar fáil ag an gCoimisiún agus ag a sheirbhísí ó chéimeanna luatha STA[9] chun tacú leis na húdaráis náisiúnta a bhfreagracht a fheidhmiú maidir le cistiú dúbailte a chosc agus a bhrath.

[9] Féach mar shampla treoraíocht an Choimisiúin do na Ballstáit maidir lena bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta, SWD (2021) 12 (https://commission.europa.eu/publications/guidance-member-states-recovery-and-resilience-plans-part-1_en).